# Scéal, Scéal, Scéal...





## Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige

Instagram: @pleanteangachoisfharraige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige

06 Bealtaine 2021

Cois Fharraige – fóram um pleanáil teanga

### SIOLLABAS GAEILGE NA HARDTEISTE

Tá an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) i mbun comhairleoireachta faoi láthair i leith a gcuid moltaí do shiollabas nua don Ghaeilge san Ardteistiméireacht.  D'eagraigh Gaeloideachas seimineár ar líne ar an gCéadaoin seo caite leis an ábhar a chíoradh agus na príomhcheisteanna agus dúshláin a chur i láthair thuismitheoirí go háirid. Is féidir teacht ar thaifeadadh den seimineár ar YouTube: Gaeloideachas. Moltar go láidir do dhaoine breathnú air, tá neart eolais ann agus tugtar deis do dhaoine aon cheisteanna nó tuairimí eile atá acu a sheoladh chuig Gaeloideachas.  Tá cuireadh ag an bpobal aighneacht i leith na moltaí a sheoladh chuig an CNCM faoi dheireadh mhí Lúnasa. Fáiltíonn an Fóram roimh thuairimí phobal Chois Fharraige i leith an ábhair thábhachtaigh seo ag optchoisfharraige@gmail.com

### MAITILDE - AISTRITHEOIR ÓG AN AONTAS EORPAIGH

Comhghairdeachas le Maitilde Warsop a bhuaigh an phríomhdhuais i gcomórtas na nAistritheoirí Óga, comórtas de chuid an Aontas Eorpaigh. Tá Maitilde san idirbhliain, i gColáiste Chroí Mhuire sa Spidéal. D'éirigh léi i gcomórtas an chúige chomh maith leis an gcomórtas náisiúnta. Fógraíodh na torthaí ag searmanas bronnta fíorúil ar an Aoine 30 Aibreán. Ghlac 62 dhalta as 28 scoil páirt i gcomórtas na bliana seo agus aistríodh téacsanna ó Bhéarla, Fraincis, Geamáinis agus Spáinnis go Gaeilge. Bunaíodh an comórtas le hardchaighdeán na Gaeilge a chur chun cinn, an t-ilteangachas a spreagadh i measc daltaí meánscoile agus suim na ndaltaí a mhúscailt i ngairmeacha le teangacha. Maith thú a Mhaitilde!




### AN GHAELTACHT FAOI BHLÁTH

Beidh **An Ghaeltacht faoi Bhláth** á óstáil ag Oifigigh Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt ar an Máirt 11ú Bealtaine @ 7:30i.n. ar *Zoom*. Deirdre Ní Bhraonáin a bheas i mbun cainte agus an gairdín chois fharraige a bheas á phlé aici. Roinnfidh Deirdre a cuid saineolais, nodanna agus dea-chomhairle agus beidh deis ag an lucht éisteachta ceisteanna a chur ar Dheirdre chomh maith agus plé ginearálta a dhéanamh ar thopaic na hoíche. Beidh duais le buachan ar an oíche chomh maith! Déan teagmháil le optchoisfharraige@gmail.com le clárú don ócáid roimh mheánlae ar an Luan 10ú le cinntiú go gcuirfear do spás in áirithe. Beidh duais le buachan ar an oíche chomh maith!




### COMÓRTAS LITEARTHA

Tá **Údarás na Gaeltachta** i mbun urraíochta ar dhá chomórtas liteartha de chuid **Oireachtas na Gaeilge** i mbliana–ceann do dhráma aonghnímh agus ceann eile do ghearrscéal. Glacfar le hiarratais go dtí 1 Iúil 2021. Is féidir níos mó eolais a fháil faoin gcomórtas ag www.antoireachtas.ie. Tosaigí ag scríobh!




### CUMANN CAMÓGAÍOCHTA CHOIS FHARRAIGE

Beidh Cumann Camógaíochta Chois Fharraige ag filleadh ar thraenáil ar an Aoine 8ú Bealtaine. Tá an app '**Foireann**' á úsáid ag an gCumann le gur féidir le himreoirí clárú roimh ré. Is féidir tuilleadh eolais faoin bpróiseas a fháil ag www.gaa.ie Tá sé riachtanach go mbeidh na himreoirí cláraithe roimh ré, roimh an lá traenála le cinntiú go mbeidh siad cláraithe agus clúdaithe faoi árachas an Chumainn.

C.C. CHOIS FHARRAIGE 1981


### LEABHAR EILE Ó BHRIAN Ó BAOILL

Seoladh leabhar nua eile le Brian Ó Baoill, as an Teach Mór, Indreabhán le gairid. '*Ceann Fhaoladh*' an teideal agus Coiscéim a d'fhoilsigh é. Úrscéal staire atá ann, bunaithe ar shaol fhir darbh ainm Ceann Fhaoladh a rinne éachtaí iontacha mar scoláire agus mar ghaiscíoch i nDún na nGall thart ar 1,400 bliain ó shin.



## COMÓRTAS REATHA NA GAELTACHTA


Comhghairdeachas ó chroí le **Cosa Farraige** foireann coisithe Chois Fharraige a ghlac páirt i gComórtas Reatha na Gaeltachta i mbliana. Chlúdaigh muintir Chois Fharraige 7,195.85km ó thús an chomórtais! Bronnadh duais bheag ar na rannpháirtithe le gairid mar chomhartha aitheantais ar an éacht iontach atá bainte amach acu! Tá muid ag súil go mór le comórtas na bliana seo chugainn cheana féin! Maith sibh!






## GARRAÍODÓIREACHT LE DEIRDRE BRENNAN

Tá Garraíodóireacht le Deirdre Brennan á reáchtáil ag Siamsán sa mBaile, de chuid Tuismitheoirí na Gaeltachta. Beidh an seisiún ar siúl ar an Satharn 8ú Bealtaine @ 12 ar *Zúm*. Is féidir tuilleadh eolais a fháil, nó clárú don rang tré theagmháil a dhéanamh le eilin@tuismitheoiri.ie nó meadhbh@tuismitheoiri.ie Níl aon chostas air ach caithfear clárú roimh ré. Tá spásanna teoranta, mar sin moltar clárú go luath! Is í an Ghaeilge teanga na hócáide agus iarrtar cloí leis sin.




## COMÓRTAS DO DHÉAGÓIRÍ

Tá Féile Chois Fharraige á reáchtáil ag Cumann Forbartha Chois Fharaige agus Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga. Imeacht ealaíona agus chultúrtha a bheas sa bhféile a dhéanfaidh ceiliúradh ar chultúr, cheol, ealaíon oidhreacht agus traidisiún Chois Fharraige. Tá scileanna cruthaitheacha aosa óg Chois Fharraige ag teastáil le lógó na féile a dhearadh. Beidh an lógó á úsáid i bhfógraíocht na féile agus ar líne. Iarrfar ar dhéagóirí an cheantair a n-iarratais a sheoladh chuig optchoisfharraige@gmail.com faoin Aoine 21ú Bealtaine. Beidh duais €200 le bronnadh ar an mbuaiteoir.



## RANGANNA GAEILGE DO THUISMITHEOIRÍ




Tá ranganna Gaeilge do thuismitheoirí á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga. Beidh na ranganna ag tosú ar an gCéadaoin 12ú Bealtaine @ 7i.n ar *Zoom*. Cúrsa sé seachtaine dírithe ar thosaitheoirí a bheidh ann. Tá spásanna teoranta, mar sin, iarrtar ar rannpháirtithe clárú roimh ré trí theagmháil a dhéanamh le Katie ag optchoisfharraige@gmail.com nó ag 083 010 6294. Díreoidh na ranganna ar úsáid neamhfhoirmeálta na Gaeilge sa saol laethúil agus sa teaghlach agus cruthófar deiseanna do na foghlaimeoirí cleachtadh a dhéanamh ar a gcuid Gaeilge. Ní gá go mbeadh aon taithí i bhfoghlaim na Gaeilge nó ranganna déanta ag na rannpháirtithe roimh ré. Fáilte roimh chách!

## RITH 5K SHIN SHEÁIN




Ar mhaith leat féin agus le do chlann/chairde páirt a ghlacadh i Rith 5K Shin Sheáin? Tá Oifigigh Pleanála Teanga na hÉireann tagtha le chéile leis an togra speisialta seo a reáchtáil. Cuirfear sceideal traenála 6 seachtaine ar fáil do na rannpháirtithe gur féidir leanúint idir seo agus 23ú Meitheamh. Tabharfaidh an sceideal seo treoir do rannpháirtithe go mbeidh siad in ann tabhairt faoi rith nó siúlóid 5K ar Lá Shin Sheáin - am ar bith idir 7r.n. agus 10i.n. Cuirfear bonn ar fáil do chuile dhuine a ghlacann páirt ann. Le clárú, ní mór teagmháil a dhéanamh leis na hOifigigh Pleanála Teanga ag optchoisfharraige@gmail.com nó is féidir teacht ar an bhfoirm chláraithe ar ár gcuntas Facebook: Pleanáil Teanga Chois Fharraige. Beidh deis ag na gasúir agus teaghlaigh páirt a ghlacadh i Rith 2K Shin Sheáin chomh maith - scaoilfear na sonraí faoin togra seo i lá nó dhó!

**Ba bhreá linn cloisteáil uaibh, a chairde! Má tá scéilín, nuaíocht nó fógra ar mhaith libh a scaipeadh linn i Scéal, Scéal, Scéal...is féidir teagmháil a dhéanamh le Katie nó Aoife ag 083 010 6294 nó ag optchoisfharraige@gmail.com**

## CLUB LEABHAR CHOIS FHARRAIGE

Tiocfaidh Club Leabhar Chois Fharraige le chéile ar an gCéadaoin 12 Bealtaine, ag 8i.n. leis an úrscéal *Thar na Tonnta* le Beairtle Ó Conaire a phlé ar *Zoom*. Is as Ros Muc ó dhúchas é Beairtle ach tá cónaí air sa bPáirc sa Spidéal le fada an lá. Ba é a bhí ina phríomhoide ar Scoil Mhichíl, Bunscoil na mBuachaillí sa Spidéal, ar feadh na mblianta. Is scríbhneoir cumasach é Beairtle, a bhfuil cuid mhaith duaiseanna buaite aige. Scéal faoi Shonaí Ó Giolla deoraí a ndeachaigh Karl Marx i bhfeidhm air agus é ina óige atá sa leabhar. Tar éis dó filleadh ón deoraíocht i Londain agus é ag dul siar ar bhóithre na smaointe, faigheann sé amach gur fíor don sean-nath cainte nach mar a shíltear a bítear. Le páirt a ghlacadh sa bplé níl le déanamhach ríomhphost a sheoladh chuig clubleabharcf@ gmail.com agus seolfar nasc Zúm chugat ar an lá.

